



Téarmaí agus Coinníollacha chun úsáid a bhaint as na Críochfoirt Féinseirbhíse Ríomhairí Glúine agus Táibléad

1. Trínár saoráidí Ríomhaire agus Idirlín a úsáid, glactar leis gur chomhaontaigh tú lenar mBeartas um Úsáid Inghlactha, agus Téarmaí agus Coinníollacha. Má theipeann ort beartais agus nósanna imeachta na Leabharlainne a chomhlíonadh, is féidir cosc a chur ort ó gach seirbhís den leabharlann a úsáid.
2. Is féidir le custaiméirí na Leabharlainne atá 15 bliana d'aois agus níos sine ríomhairí glúine agus táibléid a fháil ar iasacht ar bhonn tús freastail ar an duine is túisce.
3. **Ní féidir ríomhairí glúine agus táibléid a úsáid ach sa leabharlann; NÍ FÉIDIR IAD a bhaint den áitreabh.**
4. Ní féidir leat ach gléas amháin a fháil ar iasacht ag aon tráth amháin.
5. Teastaíonn cárta leabharlainne agus PIN chun ríomhaire glúine nó táibléad a fháil ar iasacht.
6. Ní féidir ríomhairí glúine agus táibléid a chur in áirithe.
7. Is é trí huair an chloig an tréimhse is faide is féidir ríomhaire glúine nó táibléad a fháil ar iasacht. Caithfear an gléas a thabhairt ar ais 15 nóiméad sula ndúntar an leabharlann.
8. Nuair a thugtar ar ais é, caithfidh tú an gléas a chur ar ais i mbá an chríochfoirt, an cábla cumhachta a phlugáil isteach agus dún an doras. Beidh an gléas fós ar do chárta go dtí go bplugáiltear an cábla cumhachta isteach agus doras dúnta.
9. Más theastaíonn uait ríomhaire glúine nó táibléad a choimeád ar feadh tréimhse bhreise, caithfidh tú do ghléas ar iasacht a thabhairt ar ais agus ceann eile a fháil ar iasacht, má tá sé ar fáil.
10. Tá bearta slándála i bhfeidhm chun cosc a chur ar ghoid, socruithe a athrú agus úsáid as an láthair.
11. Ní féidir aon bhogearraí nó cláir phearsanta a lódáil ar na ríomhairí glúine nó táibléid.
12. Déantar aon obair a sábháladh a scriosadh nuair a dhéantar an gléas a athbhútáil, mar sin, sábháil d'obair, le do thoil, chuig d'eochair USB / néalstóráil féin fad a bhíonn tú ag oibriú leat. Níl Leabharlanna Chathair Bhaile Átha Cliath freagrach as aon sonraí pearsanta a chailltear.
13. Ná fág aon ríomhaire glúine nó táibléad gan duine i bhfeighil air, mar gheall go bhfuil tú freagrach as aon ríomhaire glúine nó táibléad a eisíodh duit a chailltear nó a ndéantar díobháil dó.
14. Is amhlaidh a bheidh táillí athsholáthair nó deisithe a ghearrtar ar ríomhairí glúine agus táibléid a ndearnadh díobháil dóibh, a goideadh nó atá ar iarraidh agus na táillí siúd a shonróidh soláthraí tríú páirtí Leabharlanna Chathair Bhaile Átha Cliath agus beidh ar an duine a fuair an gléas ar iasacht íoc astu.